C/2025/330

13.1.2025

Nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/330)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

ar leathanach 374, sa nóta míniúcháin a ghabhann le Caibidil 87, ***'Feithiclí seachas rothstoc iarnróid nó trambhealaigh, agus páirteanna agus gabhálais díobh'****,* ***'Ginearálta'***

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 agus 2:

'1. Ar fud Chaibidil 87 den Ainmníocht Chomhcheangailte, ciallaíonn "feithiclí nua":

(a) feithiclí nár cláraíodh go buan ar feadh níos mó na 6 mhí, gan beann ar an iomlán km ar tiomáineadh iad; nó

(b) feithiclí nár tiomáineadh níos mó ná 6 000 ciliméadar, gan beann ar an tréimhse ama a cláraíodh go buan iad.

Ní mheastar gur clárú buan é clárú sealadach na bhfeithiclí chun críche iompair chuig an áit a gclárófar go buan iad.

2. Ar fud Chaibidil 87 den Ainmníocht Chomhcheangailte, ciallaíonn "feithiclí athláimhe" feithiclí nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar fheithiclí "nua" faoi phointe 1.'.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.